
Oide

# bailitheoirí ceoil ghaelaigh

*Is traidisiún béil é Ceol Gaelach agus mar sin cuireadh an ceol ar aghaidh ó dhuine go duine agus níor scríobhadh síos é. Is i mbailiúcháin de Cheol na hÉireann ón ochtú haois déag ar aghaidh a tosaíodh ar an chuid is mó de na foinn a bhreacadh síos a bhfuil meas againn orthu anois mar fhoinn thraidisiúnta.*




## Edward Bunting (1773-1843)

Bailitheoir, Orgánaí, Foilsitheoir

1796 - *Ancient Irish Music*
*1809 - 2nd Volume*
*1840 - 3rd Volume*

- Orgánaí ó aois 11
- Scríobhaí ceoil ag Féile na gCláirseoirí i mBéal Feirste
- Chomh maith leis sin bhailigh sé ceol ó chontaetha an iarthair
- I measc na bhfonn tá 'Casadh an tSugain' agus 'An Droighnean Donn'
- D'úsáid Thomas Moore go leor d'fhoinn Bunting agus chuir sé an ceol lena chuid liricí féin




## George Petrie (1789-1866)

Bailitheoir, Seandálaí, Ealaíontóir

1855 - *Ancient Music of Ireland*
*1905 - Petrie Collection*

- Tá nótaí ag dul leis na foinn a bailíodh
- I measc na bhfonn tá *'Danny Boy'*
- Chuidigh sé le Bunting ina 3ú imleabhar
- In 1851 bunaíodh Cumann Buanchoimeádta agus Foilsithe Séiseanna na hÉireann
- Tar éis a bhás, d'fhoilsigh Stanford bailiúchán iomlán Petrie i 1905



## Patrick Weston Joyce (1827-1914)

Bailitheoir, Staraí, Scríobhnóir

1875 - *Ancient Irish Music*
1909 - *Old Irish Folk Music and Songs* (842 píosaí)

- Múinteoir agus Príomhoide Choláiste Oiliúna Shráid Mhaoilbhríde do mhúinteoirí
- Is óna chuimhne le linn a óige atá cuid mhaith de na foinn agus dá bharr sin tá siad an-ghar don traidisiún
- Údar ar stair shóisialta na hÉireann ársa



## Captain Francis O'Neill (1848-1936)

Bailitheoir, Fliúiteadóir, Póilín

1903 - *O'Neill's Music of Ireland*
1907 - *Dance Music of Ireland*
1908 - *O'Neill's Irish Music*
1922 - *Waifs & Strays of Gaelic Melody*

- Príomh-Phóilín Chicago
- Meastar go bhfuil sé ar dhuine de na bailitheoirí ceoil agus amhrán traidisiúnta is clúití
- D'fhoilsigh sé beathaisnéisí ar na ceoltóirí ar bhailigh sé ceol uathu



## Aloys Fleischmann (1910-1992)

Bailitheoir, Orgánaí, Stiúrthóir Cóir

1998 - *Sources of Irish Traditional Music, c.1600-1855* (2 vols)
Chum sé go seasta ar fud réimse leathan seánraí

- Ollamh le Ceol i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh
- Scríobh sé catalóg iomlán d'fhoinn thraidisiúnta na hÉireann ó 1600-1855, ina raibh 7,000 fonn san iomlán curtha le chéile in 2 mhórbhailiúchán
- Thóg sé 40 bliain lena chríochnú agus foilsíodh é tar éis a bháis in 1999
- Ba é an tOllamh Micheál Ó Suilleabháin, Ollscoil Luimnigh a thug an obair chun críche



## Breandán Breathnach (1912-1985)

Bailitheoir, Píobaire Uilleann, Foilsitheoir

*Ceol Rince na hÉireann* foilsíodh in 5 imleabhar i 1963, 1976, 1985, 1998 agus 1999

- Státseirbhíseach ar iasacht chuig an Roinn Oideachais chun taisteal ar fud na tíre agus leaganacha d'fhoinn a chuala sé a scríobh síos
- Bailíodh os cionn 7,000 port a foilsíodh in 5 imleabhar, foilsíodh an dá cheann dheireanacha tar éis a bháis
- Tá ardmheas ar a chuid bailiúchán i measc ceoltóirí agus tá tábhacht leo mar fhoinse leaganacha spéisiúla d'fhoinn



cc BY NC